Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Meán Fómhair 2019
(OR. en)

12460/19

Comhad Idirinstitiúideach: 2018/0106(COD)

CODEC 1415	ENFOCUSTOM 158
FREMP 133	AGRI 449
JAI 977	ETS 30
TELECOM 304	SERVICES 42
COMPET 642	TRANS 451
RC 23	FISC 369
CONSOM 254	SAN 405
DAPIX 269	ENV 795
DATAPROTECT 215	GAF 69
DROIPEN 143	ATO 81
FIN 601	CYBER 261
EMPL 478	COPEN 366
MI 663	POLGEN 162
PI 131	INF 259
SOC 630	ANIMAUX 18

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais **(an chéad léamh)** – Glacadh an ghnímh reachtaigh

1. Ar an 23 Aibreán 2018, chuir an Coimisiún a thogra[1], bunaithe ar Airteagail 16, 33, 43, 50, 53(1), 62, 91, 100, 103, 109, 114, 168, 169, 192, 207 agus 325 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus Airteagal 31 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Conradh Euratom) ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 17 Deireadh Fómhair 2018[2].

[1] 8713/18.
[2] IO C 62, 15.2.2019, lch. 155.

3. Ar an 16 Aibreán, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún (gan athbhreithniú dlítheangeolaíoch). Tar éis do na dlítheangeolaithe bailchríoch a chur ar an téacs a glacadh, d'fhormheas an Pharlaimint ceartúchán ar an seasamh sin le linn an tseisiúin iomlánaigh a bhí aici ón 16 go dtí an 19 Meán Fómhair 2019. Is léiriú é sin ar an gcomhréiteach ar tháinig na ceithre institiúid air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

4. Iarrtar, dá bhrí sin, ar Choiste na mBuanionadaithe a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

   – an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 78/19 é, a fhormheas mar mhír "A" ag cruinniú a bheidh ann amach anseo, agus an Ríocht Aontaithe ag staonadh ón vótáil;

   – a chinneadh go ndéanfar an ráiteas atá in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin agus go ndéanfar iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

   Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[3] 8487/19.